Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8570/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0361(COD)**

**COMPET 332**
**MI 325**
**JAI 513**
**TELECOM 189**
**CT 62**
**PI 34**
**AUDIO 51**
**CONSOM 114**
**CODEC 659**
**IA 81**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtaránacht/ Ardrunaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8415/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14124/20 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 15 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[1] Doc. 14124/20 + COR 1 + ADD 1.

2. Is é is aidhm don togra le haghaidh Rialacháin rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí idirghabhálacha trí rialacha aonfhoirmeacha a leagan amach do thimpeallacht ar líne atá sábháilte, intuartha agus iontaofa, ina ndéanfar cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint go héifeachtach.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 27 Aibreán 2021[2].

4. I bParlaimint na hEorpa, níor chaith an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) vóta ar a thuarascáil go fóill.

5. I ráiteas an 25 Márta 2021, d'iarr comhaltaí na Comhairle Eorpaí ar na comhreachtóirí obair go gasta ar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar an Ionstraim um Margaí Digiteacha, d'fhonn an Margadh Aonair do sheirbhísí digiteacha a neartú trí spás digiteach níos sábháilte agus cothrom na Féinne a chruthú chun nuálaíocht agus iomaíochas a chothú.

## II. OBAIR ARNA DÉANAMH I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

*6.* Chuir an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás tús leis an scrúdú ar an togra an 16 Nollaig 2020 faoi Uachtaránacht na Gearmáine agus tá sé mar chuspóir aici ó shin tuarascáil ar dhul chun cinn a thíolacadh roimh dheireadh Uachtaránacht na Portaingéile.

*7.* Ag an 22 chruinniú a bhí aici, a tionóladh le linn Uachtaránachtaí na Gearmáine (1 chruinniú) agus na Portaingéile, dhírigh an Mheitheal na pléití a bhí aici go sonrach ar ollstruchtúr, ar raon feidhme agus ar fhorálacha substaintiúla, mar aon le córas forfheidhmiúcháin foriomlán an Rialacháin a bheidh ann sa todhchaí, agus an anailís ar an téacs iomlán á cur i gcrích aici ar an dóigh sin.

*8.* Scrúdaíodh an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo go mion le linn dhá chruinniú a bhí ag an Meitheal an 6 agus an 12 Eanáir 2021. Léiríodh leis an scrúdú sin go raibh na toscaireachtaí i bhfách, don chuid is mó, le haidhm an togra, leis na modhanna, na critéir agus na roghanna beartais a shainaithin an Coimisiún.

---

[2] INT/929 – EESC-2021.

9. Ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Bealtaine 2021, cuireadh an dréacht-tuarascáil ar dhul chun cinn (8415/21) faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe (COREPER) d'fhonn í a chur ar aghaidh chuig cruinniú na Comhairle Iomaíochais an 27 Bealtaine 2021.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA POLAITIÚLA

10. Bunaithe ar na pléití a rinneadh go dtí seo ar leibhéal na Meithle, tá tacaíocht láidir ghinearálta sainaitheanta i measc na mBallstát ag an Uachtaránacht do leibhéal uaillmhéine agus do chuspóirí foriomlána an togra chomh maith leis an ngá atá le formheas gasta. Go háirithe, tá rannchuidiú déanta ag na Ballstáit le díospóireacht fhada chuiditheach. Ós amhlaidh atá, sainaithníodh na pointí seo a leanas mar na saincheisteanna polaitiúla agus dlíthiúla is íogaire:

### *a) Forfheidhmiú agus infhorfheidhmitheacht*

Chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil siad tiomanta do phríomhphrionsabail na Treorach maidir le tráchtáil leictreonach[3] a chaomhnú, go háirithe clásal an mhargaidh inmheánaigh d'Airteagal 3 den Treoir sin (dá dtagraítear freisin prionsabal na tíre tionscnaimh). Is é sin ceann de na príomhphrionsabail chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí shaorghluaiseacht sheirbhísí na sochaí faisnéise a áirithiú idir na Ballstáit. Chuir na Ballstáit in iúl freisin go dtacaíonn siad go ginearálta leis na forálacha maidir le dliteanas a ionchorpraíodh ón Treoir maidir le tráchtáil leictreonach sa togra le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

Athdhearbhaíodh freisin an gá atá le cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin atá beartaithe, mar aon le comhordú níos fearr idir na Ballstáit, a n-údaráis inniúla agus an Coimisiún. D'iarr cuid de na Ballstáit rannpháirtíocht níos mó ón tír cinn scríbe, chomh maith le comhar trasteorann níos fearr idir na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, imscrúduithe comhpháirteacha agus iarrataí ar idirghabháil an Choimisiúin.

[3] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach).

Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil imní agus amhras orthu faoi raon feidhme agus éifeachtacht na sásraí a leagtar síos in Airteagail 8 agus 9 den togra. Bhí roinnt cruinnithe de chuid na Meithle dírithe ar shoiléiriú a thabhairt faoi na coinníollacha d'údaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin maidir le horduithe a eisiúint, lena n-áirítear orduithe trasteorann, chuig soláthraí seirbhísí idirghabhálacha chun gníomhú in aghaidh mír shonrach d'ábhar neamhdhleathach nó chun mír shonrach faisnéise a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Thug an Coimisiún tuairisc ar impleachtaí dlíthiúla na n-orduithe sin i gcásanna trasteorann agus mhínigh sé infhorfheidhmitheacht na rialacha atá beartaithe sa chomhthéacs sin. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát fós ag iarraidh míniúcháin bhreise ar infhorfheidhmitheacht phraiticiúil na n-orduithe i gcomhthéacs trasteorann agus ar an tionchar a bheadh acu ar phrionsabal na tíre tionscnaimh.

Chun an Rialachán atá beartaithe a fhorfheidhmiú, bhunófaí córas nua maoirseachta, lena leagfaí síos cumhachtaí agus ceanglais éagsúla do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus na húdaráis inniúla, do líonra na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ar leibhéal an Aontais ("an Bord") agus don Choimisiún. Cuireadh ceisteanna freisin maidir le feidhmiú praiticiúil an chórais maoirseachta ilsrathaigh, chomh maith lena thionchar ar an struchtúr riaracháin náisiúnta atá ann cheana.

Thug an Mheitheal aghaidh freisin ar shaincheist infhorfheidhmitheacht éifeachtach an Rialacháin atá beartaithe i dtaca le soláthraithe seirbhísí a théann i mbun sárú struchtúrach, eadhon soláthraithe seirbhísí a bhfuil a n-áit bhunaithe lasmuigh den Aontas agus a chuireann a gcuid seirbhísí ar fáil san Aontas, ach nach gcomhlíonann oibleagáidí an Rialacháin atá beartaithe. Is gá tuilleadh plé a dhéanamh faoin ábhar sin sa chaibidlíocht a bheidh ann sa todhchaí.

## *b) Modhnú ábhair*

D'aithin na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le modhnú ábhair ar líne agus an gá atá leis na rialacha nua atá beartaithe chun tionchair dhiúltacha ar chearta bunúsacha a sheachaint. Tá sé tábhachtach na hoibleagáidí díchill chuí agus na díolúintí ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha a chomhchuibhiú. Thairis sin, thacaigh na Ballstáit a bheag nó a mhór leis na nósanna imeachta nua fógra agus gnímh agus leis na sásraí sásaimh d'úsáideoirí, mar aon leis an gcaoi a ndéantar tagairt sa Rialachán atá beartaithe d'ábhar neamhdhleathach mar a shainítear sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais. Thacaigh siad freisin le cur chuige neamhshiméadrach an togra, lena dtugtar isteach oibleagáidí céimnithe do sholáthraithe seirbhísí faoi réir a méide agus thionchar a gcuid seirbhísí.

Maidir le hardáin an-mhóra ar líne, tugadh tacaíodh go forleathan don oibleagáid measúnú a dhéanamh ar rioscaí suntasacha sistéamacha (Airteagal 26). Thairis sin, chuir roinnt Ballstát i bhfios go láidir gur gá cosaint na gceart bunúsach a threisiú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Thairis sin, d'fhiosraigh roinnt Ballstát an leor na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis.

Thacaigh na Ballstáit tríd is tríd le tabhairt isteach na hoibleagáide 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí gnó' atá in Airteagal 22 den togra, agus mhol cuid acu go leathnófaí raon feidhme na hoibleagáide sin chun cineálacha eile soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a áireamh agus go leathnófaí í chuig micrifhiontair agus fiontair bheaga.

D'iarr Ballstáit áirithe soiléirithe a chur isteach i ndáil le féachaint an bhféadfadh na húdaráis náisiúnta orduithe 'gan taispeáint arís' a eisiúint, lena gcuirfí oibleagáid ar ardáin ar líne cosc a chur ar ataispeáint an ábhair a bunaíodh mar ábhar neamhdhleathach agus a baineadh anuas dá bharr sin. Mheas roinnt Ballstát go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin don chomhrac in aghaidh earraí góchumtha nó neamhchomhlíontacha i margaí ar líne.

*c) Raon feidhme agus Cuspóir*

Chuir roinnt Ballstát ceisteanna maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm an togra, go háirithe an bhaint atá ag an Rialachán atá beartaithe le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana. Chun na críche sin, mhínigh an Coimisiún gur cheart don Rialachán atá beartaithe gníomhú mar phíosa reachtaíochta cothrománach, lena gcomhlánaítear ionstraimí reachtaíochta earnála atá ann cheana agus a fheidhmíonn mar *lex specialis*. Ina theannta sin, ba dhíol sásaimh d'fhormhór na mBallstát an leibhéal comhchuibhithe atá beartaithe don Rialachán, arb é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí atá leis. Chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú, d'iarr na Ballstáit tuilleadh soiléirithe i ndáil le hAirteagal 1 maidir le hábhar agus raon feidhme an togra. D'iarr cuid de na Ballstáit soiléirithe breise ar an idirghníomhú idir na rialacha atá beartaithe agus na heisiaimh atá ann cheana ó raon feidhme na Treorach maidir le tráchtáil leictreonach.

Chun ualaí díréireacha a sheachaint, díolmhaítear micrifhiontair agus fiontair bheaga ó raon feidhme chur i bhfeidhm oibleagáidí áirithe de chuid an Rialacháin atá beartaithe, sa mhéid is go mbunaítear an sainmhíniú ar na fiontair sin ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE[4]. D'iarr roinnt Ballstát go ndéanfaí an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga a chur in oiriúint don timpeallacht dhigiteach agus gan a bheith bunaithe ach ar na critéir maidir le méid agus láimhdeachas na bhfiontar sin. Ina theannta sin, léiríodh imní nach rachadh an díolúine atá beartaithe faoi láthair do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga i ngleic le scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh trí sholáthraithe seirbhísí beaga, agus dá bhrí sin, d'iarr roinnt Ballstát go nglacfaí cur chuige rioscabhunaithe.

[4] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

*d) Eiliminti eile*

Anuas ar an méid thuas, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh gá le plé níos leithne agus/nó athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo a leanas:

– an bhféadfaí raon feidhme an togra a leathnú;

– an leor clásal na ngníomhaíochtaí deonacha in aghaidh ábhar neamhdhleathach (Airteagal 6) chun gníomhaíocht bhríoch a chumasú ar thaobh an tsoláthraí agus an mbeadh gá le coimircí breise in aghaidh mí-úsáide;

– an stádas mar chomharthóirí iontaofa a shíneadh chuig na heintitis uile a chuireann fógraí isteach, a léiríonn saineolas agus a bhfuil ardráta cruinnis acu agus ábhar neamhdhleathach á shonrú acu, gan an gá a bheith ann leasanna comhchoiteanna a léiriú;

– rúin trádála soláthraithe seirbhísí a chosaint maidir le rochtain ar shonraí agus imscrúduithe;

– na forálacha maidir le sásra réitigh díospóide lasmuigh den chúirt, struchtúr a tháillí agus ailíniú na bhforálacha sin leis an reachtaíocht ábhartha atá ann cheana;

– dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe.

11. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le linn Uachtaránacht na Portaingéile, tá plé domhain faoi ábhar an togra ag dul ar aghaidh i gcónaí i sraith de chruinntithe breise de chuid na Meithle um Iomaíochas agus Fás. Dá bhrí sin, agus castacht an togra chomh maith lena thábhachtaí atá sé don mhargadh aonair agus chun timpeallacht ar líne atá níos sábháilte agus níos iontaofa a chruthú mar aon le hidirghaol an togra le hionstraimí eile de dhlí an Aontais á gcur san áireamh, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil sular féidir leis an gComhairle cinneadh polaitiúil a dhéanamh, ar rannchuidiú tábhachtach é an tuarascáil seo ina leith, lena sainaithnítear na príomh-shaincheisteanna polaitiúla.

12. Measann an Uachtaránacht go gcuirtear achoimre chothrom i láthair sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn ar na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh le linn an scrúdaithe ar an togra.

## IV. CONCLÚID

13. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas) an tuarascáil ar dhul chun cinn seo ón Uachtaránacht a thabhairt dá haire.